snas.ie

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

# FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ




## CLEACHTAÍ CAINTE

# COMPARÁIDÍ




## Aidhm

Ag spreagadh comhrá ag baint úsáide as comparáidí idir rudaí laethúla a bhfuil spéis ag na foghlaimeoirí iontu.

Roimh ré: Bheadh sé tairbheach réamhullmhúchán a bheith déanta ar fhrásaí atá úsáideach chun comparáid a dhéanamh. Sampla:
'B'fhearr liom *Aer Lingus* ná *Ryanair* mar…'
'Tá an ghráin agam ar *Snapchat* mar…'

## Treoir

Réitigh bileog ar a bhfuil pictiúir de phéirí rudaí ar féidir comparáid a dhéanamh eatarthu agus a mbeadh spéis ag na foghlaimeoirí iontu. Tá sé tábhachtach go mbeadh na comparáidí oiriúnach do spéiseanna agus do thaithí na bhfoghlaimeoirí. Samplaí:

*Lidl V. Tesco* *Ryanair V. Aer Lingus* *Netflix V. Disney* Tuath V. Cathair Madra V. Cat Bunscoil V Meánscoil

Eagraigh obair bheirte nó obair ghrúpa chun plé a dhéanamh ar na comparáidí. Spreag na foghlaimeoirí chun labhairt faoi bhuntáistí agus faoi mhíbhuntáistí na nithe éagsúla.

## Forbairt / Nótaí

Tar éis an phlé, d'fhéadfaí iarraidh ar gach grúpa liosta buntáistí / míbhuntáistí a bhaineann le péire amháin de na pictiúir a bhreacadh agus a chur i láthair an ranga. D'fhéadfaí leaganacha éagsúla den ghníomhaíocht seo a eagrú. Cuir i gcás, d'fhéadfaí iarraidh ar na foghlaimeoirí féin comparáidí a chumadh, d'fhéadfadh an múinteoir na comparáidí sin a roinnt idir na grúpaí éagsúla agus an plé a eagrú ansin. Nó d'fhéadfaí níos mó comparáidí a bheith ar an mbileog ach cluiche 'tapa' a dhéanamh as – caithfidh gach beirt an méid is féidir a rá faoi na comparáidí laistigh de theorainn ama (ardleibhéal).